**Comhairle an Aontais Eorpaigh**
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 21 Aibreán 2021**

**CM 2823/21**

**PROCED**
**BUDGET**

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | grazia-mattea.targa@consilium.europa.eu |
| | mikko.leinonen@consilium.europa.eu |
| | radu-ioan.gafta@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 93 50 |
| | +32 2 281 78 99 |
| | +32 2 281 25 31 |

Ábhar:

- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle maidir le DAB Uimh. 2/2021 lena maoinítear an fhreagairt ar COVID-19 agus lena gcuimsítear mionchoigeartuithe agus nuashonruithe a bhaineann le glacadh cinntitheach an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil
- Formheas an Chinnidh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ghréig agus don Fhrainc i ndáil le tubaistí nádúrtha agus don Albáin, don Bheilg, don Chróit, don Eastóin, d'Éirinn, don Fhrainc, don Ghearmáin, don Ghréig, don Iodáil, don Laitvia, don Liotuáin, do Lucsamburg, do Mhontainéagró, don Ostair, don Phortaingéil, don Rómáin, don tSeicia, don tSeirbia, don Spáinn, agus don Ungáir i ndáil le héigeandáil sláinte poiblí
- Formheas aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2021
- Formheas an ráitis chomhpháirtigh maidir leis na dátaí don nós imeachta buiséadach agus maidir leis na modúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh in 2020
- Formheas an ráitis chomhpháirtigh maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) agus maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA)

= *An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh*

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2), an 21 Aibreán 2021, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh leis an méid seo a leanas:

(1) (a) glacadh an Chinnidh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain 2021, mar a leagtar amach in 7873/21 é, lena nglactar leis an togra ón gCoimisiún[1], gan aon athrú, mar a mhínítear in 7872/21.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

(b) maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh sin.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

(2) formheas an Chinnidh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ghréig agus don Fhrainc i ndáil le tubaistí nádúrtha agus don Albáin, don Bheilg, don Chróit, don Eastóin, d'Éirinn, don Fhrainc, don Ghearmáin, don Ghréig, don Iodáil, don Laitvia, don Liotuáin, do Lucsamburg, do Mhontainéagró, don Ostair, don Phortaingéil, don Rómáin, don tSeicia, don tSeirbia, don Spáinn, agus don Ungáir i ndáil le héigeandáil sláinte poiblí, mar a leagtar amach in 7876/1/21 REV 1 é.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

(3) formheas aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2021 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2021, mar a mhol an Coimisiún[2].

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

(4) formheas an ráitis chomhpháirtigh maidir leis na dátaí don nós imeachta buiséadach agus maidir leis na modúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh in 2021, mar a leagtar amach in 7865/21 é.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

---

[1] 7304/21.

[2] 7306/21.

(5) formheas an ráitis chomhpháirtigh maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) agus maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA), mar a leagtar amach in 7867/21 é.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoin Aoine, an 23 Aibreán 2021, ar 17.00 (am na Bruiséile) ar a dhéanaí**. Ba cheart iad a chur le ríomhphost chuig **grazia-mattea.targa@consilium.europa.eu**, **mikko.leinonen@consilium.europa.eu**, **radu-ioan.gafta@consilium.europa.eu**, **karen.geeraert@consilium.europa.eu** agus **athina.bai@consilium.europa.eu**.

---